Máthair chogaidh críoch Bhanbha

[T. Ó Raghallaigh, *Filí agus Filidheacht Chonnacht* (Dublin, 1938), 269-78]

Eochaidh Ó hEoghusa cct.

I. Tiobóid A Búrc

1  Máthair chogaidh críoch Bhanbha
mairg riamh fhuair mar athardha
an seinshealbha as uille n-uilc
buime geineamhna an ghuasuicht.

2  Ón tráth fá dtáinic Ceasair
d’iath Banbha an bhruaich ilgheasaidh
ní cleacht soin síothlúdh a huilc
a goimh, a fíochrún, ag fóbairt.

3  Annamh tír dár thimchil grian
mar chrích Chuinn na gcóig ríghfhiadh
fada atá ré n-iodhnadh uilc
sa hionbhadh thrá gan tabhairt.

4  Críoch Bhanbha buime an ghábhaidh
gnáth riamh uirre d’fhágbhálaibh
nach sillfear úir na hinnsi
na léagh tnúth na timchillsi.

5  Na sé dronga diaidh a ndiaidh
do ghabh Banbha, bean ríghBriain,
adhbhal a hucht na ranna
ar adhnadh d’ulc eatorra.

6  Díomhaoin a ndúbhradh d’olcaibh
d’adhnadh bhán n-eing nguasochtaigh
an Gaoidhil-shluagh gur ghabh teann
ar magh n-aoibhinn-fhuar nÉireann.

7  Do bheathaidh baindia an chogaidh
a dtnúth bhán dtír bhformadaigh
nach bí d’fhine Ghaoidhil Ghlais
cridhe aoinfhir gan acais.

8  Ní dílius oighre d’athair
fán gcrích bharrghlais bhraonsgathaigh
lé neimh ainchridhe gach fhir
do threibh ainchinidh Ghaoidhil.

9  Annamh riamh fríoth a haonbhun

ríoghraidh na rún neamhghaolmhur
tig riú um ráithInnsi na Ríogh
a mbráithirsi as fiú eisíodh.

10 Neart ainbhfine orra féin
a los tnúith táinic dhíbhséin
críoch Fhloinn na luathmhaighreadh ngeal
do choill fhuarchaibhneadh fhéinneadh.

11 Ní tug éan ádhbhar oile
ar tós acht tnúth anchroidhe
goill do thorrochtain as-teagh
ar chloinn ngomhaltaigh nGaoidheal.

12 An lúgha an tnúth atá a-niugh
i gcroidhibh cloinne Míleadh
críoch barrlag na mbraoinlios bhfionn
d'fhormad fa aoibhnios nÉirionn.

13 Do chíd uaisle fhuinn Bhreagh
más fiú a gcuid do chrích Ghaoidheal
mar tug grís éadmhar an uilc
a gcéadghomh arís d'adhoint.

14 Mó ná dtáinic riamh roimhe
tig do thaoibh a n-anchroidhe
d'anbhuain fán NiallBhanbha a-niogh
niadhghabhla ghlanshluaigh Ghaoidhiol.

15 An n-éan drong fa dísle dhi
meastar leo a los a dtnúidhe
gan dol i gcathaibh ma ceann
gan chor dtachair na timcheall.

16 Sliocht shoineamhail Shéarluis Mhóir
fuilngid an uairsi a hanbhóin
ní braithfidhe Fiadh na bhFionn
acht d'ainchridhe fhian Éirionn.

17 Dá madh leo lorg a sinnsir
gan iomthnúth don Éirinnsin
ar láimh dhanar a-dearduis
ramhagh Fáil nach bhfuileangduis.

18 Gidheadh nír haithneadh a bhfíoch
go Teabóid mac mic Daibhioth
fa chrích réidh mbláthtlachtmhair mBreagh
ré féin ghnáthchogthaigh Ghaoidheal.

19 A rann Gaoidhiol Ghuirt na Niall

nách bhfaicthear mac mhic Uilliam
d’eachtronnchaibh do bheir a mbreath
um threibh leachttholchaigh Luigheach.

20 Ní fóirfe ar shliocht nGaoidhiol nGlais
go dtuigid é na n-éagmuis
ciodh acht d’aithbhfeartaibh an fhir
gan tairreachtain bhfear bhFuinidh.

21 Le lucht cosnaimh chláir Dá thí
Teabóid a Búrc dá mbraití
rinn chéadágha na gcóig bhfonn
dob éadána óig eachtronn.

22 Gibé rann a rachaidh sin
d’fhóirchniocht Ghall nó d’fhuil Éimhir
budh leo neart féirInnsi Fáil
reacht don Éirinnsi easráin.

23 Do bhiadh ar breith dá bharr fiar
dá dtugradh mac mic Uilliam
foghail tolcha na dtrí nArt
nó sí as a horchra d’furtacht.

24 Do fhéadfadh dá madh áil lais
grís choigealta chrú Shéarlais
teacht ré séan ndoibheart ndanar
tréan a n-oireacht d’athrughadh.

25 Do budh iomdha d’fhóirchniocht Ghall
éacht airdríogh gan ionaclann
a ndíoghbhudh dad madh loinn lais
’s ríoghdhún ar gcaill a chathais.

26 ’S méidhe corcra gan cholna
’s laoich a linntibh ródhonna
’s learg niamhghlan gá hionnladh d’fhuil
um ghrianmhagh líonmhar Lughaidh.

27 Ní fhuighthí learg gan leacht ngoill
ó tá Séaghois go Sionoinn
ná dún acht leathnocht a-le
ó Lúdh go gealphort nGaillmhe.

28 Do bheidís laoich um leasmhagh
gá sníomh a shearg othrasghon
triall mall a choimhéirghe chniocht
goiléimhghe ann gan éisdiocht.

29 Do bhiadh clúmh ag ceilt gach róid

aniogh dá dtogradh Teabóid
um tsheanláimh n-óir um Eachtgha
’s um Bhóinn sheanghlain shuaitheanda.

30 Do fhuiling ó inghreim féin
t’fheirg re huaislibh Ghuirt ríNéill
an cuidigh do chóid ó Chonn
nír chuidigh ar fhóir ar n-eachtronn.

31 Nír mhothuigh iad ré hathaidh
gidh eadh d’éis a gortachaidh
do bhithin asluigh an uilc
lasfuidh crithir san choguilt.

32 Dá dheoin féin do fuilngeadh leis
breath eachtronn ar fhuil Shéarluis
a dtug dháibh d’fhoighide an uilc
goiride ón dáil díoghuilt.

33 Oidios an leomhain loinnmhir
gabhtar lé a ghruadh mhónoinnghil
ré a ghnáth as samhalta soin
a dtráth adhannta uabhoir.

34 An leomhan a los nimhe
leis urraim gach ainmhidhe
tig sin do bhríoghmhaire a bhall
nimh a fhíorghoimhe as ionmhall.

35 Ionmhoille ar bhfás a ghoimhe
do bheir a bhrigh gcolnoidhe
ré sbairn neirt treóraigh ní éir
stoirm an éichtleómhain aigmhéil.

36 Fásaigh leis a ló a bheirthe
meall iaranta aimhreighthe
na chnaoi ainbhfheolaigh gan fhuil
ar laoi an ghairbhleomhain ghaosmhuir.

37 Ar ndul dó a ndáil fhoghladh
do bheir le bruth bhfíochádhbhal
buille don ghéirmhioll da ghuin
go n-éirghionn luinne an leomhuin.

38 Ar mbíodhgadh le a bhuille féin
fiuchas cridhe an chon aigmhéil
laoighidh gach braithléim do-bheir
an aoibhiol n-aithghéir n-aingidh.

39 Lingis tré lár bhiodhbhadh

ga gcumach ga gcnáimhchiorrbhadh
na throm-aobhaidh dheirg ad-roigh
le feirg bhforaonaigh bhfeochair.

40 An leomhan-sa a ló a ghoimhe
díomhaoin do dhúil talmhoidhe
ga hainmhidhe as uille gomh
luinne ainmire d'fhéachadh.

41 Leanfaidh Tiobóid, tuir Acla,
lorg an leómhain Afractha
maighre sriobhmhall cláir Ceara
dáibh as ionann airgheana.

42 Nó gur gríosadh lé a ghoimh féin
mac Risderd na sluagh n-aighmhéil
nír bhac iomluadhghail ré headh
ar fionnsluaghaibh mac Míleadh.

43 Ón ló do hadhnadh a fhearg
adhainfidh oighre Risdeard
aoibhle seiniomtha shluagh mBreagh
smual as deirionncha doighear.

44 Drithle nach dóigh do bháthadh
bruth ar nach bí friothálamh
rún fíochfhuar aigeanta an fhir
míothuar caigiolta ar cháirdibh.

45 Budh hiomsgaradh aosa gráidh
budh teidhm cumhsgaighthe conáigh
budh damhna aithbheodhaidh olc
faghla caithleomhain Connocht.

46 Ní fhéadfaid eachtrainn Fhuinn Bhreagh
ní bhiaidh a gcumhang mhac Mhíleadh
léim tórann-chladh tuath a shean
ar fhuath mór-onchon Maisdean.

47 Taighleóir timchil na bóchna
lámh fhailgthe arm gcraobhórtha
doighir ar a docra díon
sompla oinigh na n-airdríogh.

48 Doirseoir na ndorus ngábhaidh
fear oidis a n-iollánaigh
díon badhbh-choinnmhe thoirneamh trén
loinnreadh glan-choinnle Bháitér.

49 Post comhairle na gcóig n-iath

sgríbheann chirt chlanna hUilliam
ceann cródhachta chreach shlóigh Bhreagh

*          *          *          *          *

50 Ardughadh ógbhuidh nÉirionn
ísliughadh a n-airdchéimionn
faolchú all ngormaibhneadh ngeal
comhshnaidhmeadh Gall is Gaoidheal.

51 Mac Risderd riadhaidh treaschath
aigneadh ríogh rún imreasnach
uille ré gairbh-leannaibh gliadh
tairrngeartaigh fhola a hUilliam.

52 A mhic Gráinne, a ghruaidh chorcra,
dá n-adhnadh t’fhearg leomhanta
ó fhonn Chliagh go múr Meadhbha
ní bhiadh dún gan doimheanma.  MÁTHAIR

53 Ré linn nAodha ní fhuair sinn
eolus ar uaislibh Éirinn
monuar ar aba a dhola
fada uann ar n-urromha.  MÁTHAIR

54 Máthair shíothchána shluaigh Breagh
inghean Chathail cruth ailghean
gnúis éadána ó na haimhleasg súil
tairmeasg éagcára is iomthnúith.

55 Sompla inghean Fhuinn Lughaidh
ór shaorbhan shíol gConchobhair
dreach úr gan intleacht gcoire
inghealt súl na sochaidhe.

56 Meadhbh inghean Chathail cruth saor
rún connla nar char míothaom
bas mharbhthana nar mheall tol
anmchara cheall do shaoradh.

57 Báthadh céadbhan chláir Mheadhbha
ortha a n-aghaidh cinneamhna
trilis niamhghlan threabhragh dtiogh
siabhradh meanman na míliodh.

58 Inghean shoibhéasach Shíle
aiér re hucht soishíne
foithne buadha béas mbanda
a cluana déas ndíoghlama.  MÁTHAIR.